Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Comhairliúchán maidir leis an Straitéis um Nascacht Dhigiteach

Feabhra 2022

Arna n-ullmhú ag
an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie/decc**

# Table of Contents

Table of Contents ..... i

1 Réamhrá ..... 2

2 An Straitéis um Nascacht Dhigiteach ..... 2

2.1 Cúlra ..... 2

2.2 Ceisteanna Comhairliúcháin maidir le Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach ..... 3

3 Ag Freagairt don Chomhairliúchán seo ..... 4

3.1 Spriocam agus formáid do fhreagairtí ..... 4

3.2 Cosaint Sonraí ..... 4

4 Na Chéad Chéimeanna Eile ..... 5

Iarscríbhinn ..... 5

# 1 Réamhrá

Is é is cuspóir leis an gcomhairliúchán ("**Comhairliúchán**") seo tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir le Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach.

# 2 An Straitéis um Nascacht Dhigiteach

## 2.1 Cúlra

Tá nascacht dhigiteach atá ar ardchaighdeán, daingean agus uilíoch ríthábhachtach chun níos mó cianoibre a chumasú ar fud na réigiún uile sa tír, agus ar an gcaoi sin rochtain níos mó a éascú ar thallann agus scileanna réigiúnacha. Ar bhealach níos leithne, cuideoidh sé le hathghiniúint na tuaithe agus le haghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach do limistéir tuaithe. Is éard atá i gceist leis seo seachadadh na nascachta chuig na háiteanna is iargúlta ar fad, fiú; cuidiú le ceangal na líonraí náisiúnta, leabharlanna mar shampla, le Ceangalphointí Leathanbhanda agus Moil Nasctha; agus tacú leis an bhforbairt ar líonraí de mhoil nuálaíochta réigiúnacha. Cumasóir riachtanach is ea seachadadh iomlán an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá nascacht dhigiteach de dhíth ar Éirinn ina bhfuil feidhmíocht, slándáil agus inbhuanaitheacht den scoth, a dhéantar a bharrfheabhsú chun na teicneolaíochtaí snáithín optaigh is déanaí a ghiaráil i líonraí seasta agus chun córais nuálaíocha gan sreang amhail 5G a nascadh, dá rath eacnamaíochta agus cuimsiú sóisialta.

Bainfear é seo amach, á threorú ag na prionsabail d'infheistíocht a spreagadh i réitigh atá tíosach ar fhuinneamh, ionracas agus slándáil líonraí, agus tacú agus éascú don nuachóiriú ar líonraí atá ann cheana agus aistriú chuig líonraí Gigighiotáin agus 5G le tacaí díreacha agus indíreacha an Rialtais. Beidh sé tábhachtach freisin a chinntiú go mbeidh soiléire inár gcreat rialála sa chaoi is go ndéanann sé iomaíocht bonneagair a chur chun cinn, infheistíocht a spreagadh agus tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus go mbaineann sé ualaigh nach gá a bheith ann.

Tá an **Straitéis um Nascacht Dhigiteach** dírithe go príomha ar an mbonneagar teileachumarsáide fisiciúil agus seirbhísí a sholáthraíonn an nascacht dhigiteach a éascú. Leis an Straitéis um Nascacht Dhigiteach leagtar amach uaillmhian an Stáit agus na cumasóirí straitéiseacha agus tionscnaimh atá de dhíth lena chinntiú go mbainfear an leibhéal uaillmhéine seo amach.

## 2.2 Ceisteanna Comhairliúcháin Maidir le Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach

Tá dréacht-Straitéis um Nascacht Dhigiteach iniata mar chuid den chomhairliúchán seo mar Iarscríbhinn 1.

Fáiltíonn an Roinn roimh nótaí tráchta agus tuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir leis na nithe seo a leanas lena n-áirítear aon fhaisnéis tacaíochta nó tagartha i dtaca le tuairimí ar bith a roinntear:

| **Ceist Chomhairliúcháin 1** |
|---|
| An bhfuil an leibhéal uaillmhéine a leagtar amach i Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach iomchuí? |
| **Ceist Chomhairliúcháin 2** |
| Tugann an Roinn cuireadh d’oibritheoirí tráchtála sonraí a chur isteach i dtaca lena líonraí atá ann cheana nó atá beartaithe don todhchaí a sholáthraíonn seirbhísí leathanbhanda chuig áitribh le luas íoslódála 1Gbps ar a laghad? Ba chóir go n-áireofaí leis na sonraí an liosta de na háitribh atá clúdaithe nó a bheidh clúdaithe agus an dáta measta faoina gcuirfear an tseirbhís leathanbhanda Gigighiotáin ar fáil do gach áitreabh. |
| **Ceist Chomhairliúcháin 3** |
| An bhfuil na cumasóirí straitéiseacha a leagtar amach i Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach iomchuí? An gá na cumasóirí straitéiseacha seo a leasú? An bhfuil gá le tuilleadh cumasóirí straitéiseacha, tionscnaimh nó bearta? |
| **Ceist Chomhairliúcháin 4** |
| Fáiltíonn an Roinn roimh thuairimí ar bith maidir leis na struchtúir, gníomhaireachtaí agus acmhainní Stáit atá riachtanach chun maoirseacht a dhéanamh ar an Straitéis um Nascacht Dhigiteach agus, ar deireadh, a sheachadadh a bhaint amach. |
| **Ceist Chomhairliúcháin 5** |
| Fáiltíonn an Roinn roimh thuairimí ar bith maidir le conas a chinntiú go mbeidh lucht saothair atá oilte a dhóthain, agus an inniúlacht agus taithí riachtanach acu, ar fáil don tionscal agus don Stát sa chaoi is gur féidir an Straitéis um Nascacht Dhigiteach a sheachadadh? Chuirfeadh an Roinn fáilte roimh mholtaí maidir le ról an Stáit chun forbairt an luacht saothair seo a spreagadh? |

| Ceist Chomhairliúcháin 6 |
| --- |
| Fáiltíonn an Roinn roimh thuairimí ginearálta ar bith eile maidir le Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach agus conas is féidir í a fheabhsú? |

# 3 Ag Freagairt don Chomhairliúchán seo

## 3.1 Spriocam agus formáid do fhreagairtí

Ní mór gach fhreagairt ar an gcomhairliúchán a bheith faighte go hiomlán ag an Roinn tráth nach déanaí ná **5:30pm an 31 Márta 2022**.

Más féidir, ba chóir freagairtí a chur isteach go leictreonach le r-phost.

Ba chóir freagairtí ar an gcomhairliúchán seo a mharcáil go soiléir: "Comhairliúchán maidir le Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach – Ainm an Fhreagróra" agus a sheoladh chuig:

**R-phost:** digitalconnectivity@decc.gov.ie

agus/nó

Brian McMahon
Comhairliúchán Poiblí
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
29-31 Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2
Éire
D02 X285

## 3.2 Cosaint Sonraí

Táimid tiomanta do phlé le scarshealbhóirí ar bhealach soiléir, oscailte agus trédhearcach. Is féidir le duine nó eagraíocht ar bith aighneacht a dhéanamh i dtaca leis an gcomhairliúchán seo. Déanfar gach aighneacht agus aiseolas a bhreithniú sula bhfoilseofar an leagan deiridh den Straitéis um Nascacht Dhigiteach.

Tabhair faoi deara go bhfuil freagairtí ar an gcomhairliúchán seo faoi réir ag na forálacha san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI), sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007-2018 (AIE) agus san Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Tabhair faoi deara freisin go bhfuil sé ar intinn againn ábhar na n-aighneachtaí ar fad a fhaightear ar ár gcomhairliúcháin a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin. Déanfaimid sonraí pearsanta a fholú roimh fhoilsiú. Agus freagairt á thabhairt ar an gcomhairliúchán seo, ba chóir do pháirtithe a rá go soiléir má tá faisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis rúnda ina bhfreagairtí nár mhaith leo scaoileadh faoi FOI, AIE nó a fhoilsiú ar bhealach eile.

Ba mhaith linn d'aird a dhíriú ar ár bhFógra i dtaca le Príobháideachas Sonraí ina mínítear conas agus cathain a mbailímid sonraí pearsanta, cén fátha a dhéanfaimid é sin agus mar a chaithimid leis an eolas seo. Mínítear ann freisin do chearta i dtaca le faisnéis phearsanta a bhailiú agus mar is féidir leat na cearta sin a fheidhmiú.

# 4 Na Chéad Chéimeanna Eile

Agus breithniú déanta ag an Roinn ar na freagairtí atá faighte, foilseoidh sí an doiciméad Straitéise nuashonraithe.

# Iarscríbhinn

**Iarscríbhinn 1** Straitéis an Stáit um Nascacht Dhigiteach